

**Óráid Pernille Fenger**  
**Ceann na hOifige Nordaí d'Fhondúireacht an NA faoi Dhaonra ([UNFPA](#))**  
**ag tús an 96ú Comhdháil Dhomhanda Esperanto**  
**Cóbanhávan, an 23 Iúil 2011**

Ar son na Náisiún Aontaithe i gCóbanhávan, gabhaim buíochas libh as gcuireadh labhairt libh anseo inniu ag Comhdháil Dhomhanda Esperanto.

Tá breis is míle fostaithe ag an NA i gCóbanhávan, rud a dhéanann de Chóbanhávan ceann de na cathratha NA is mó sa Domhan Thiar. Is iomaí eagrás NA atá i gCóbanhávan, a cheannaíonn cógais, trealamh agus seirbhísí do chlár tacaíochta san iliomad tíortha forbraíochta. Is san Oifig Nordach d'Fhondúireacht an NA faoi Dhaonra atáim féin ag obair.

Tugaimis cúpla gné ghinearálta ar dtús.

An 31 Deireadh Fómhair i mbliana rachaidh daonra an domhain thar 7 billiún. Lá suntasach é sin inár stair. Mhéadaigh ár líon de bhilliún le 13 bliana anuas. I gcoitinne, is sia agus is sláintiúla a mhaireann daoine, agus roghnaíonn a lán tuismitheoirí níos lú leanaí a thabhairt ar an saol. I gcathracha atá cónaí ar bhreis is leath an chine dhaonna inniu, agus is ansin freisin atá an fás daonra is mó.

As measc an 7 billiún, leanaí agus daoine óga is ea 1.8 billiún, sin an ghlúine óige is mó riamh sa stair. As measc na n-óg, is is dtíortha forbraíochta atá cónaí ar 90%. Tuigim gur ar an óige a dhíríonn téama bhur gcomhdhála.

Infheistíocht i mná agus i bhfir óga an domhain, sin infheistíocht i dtodhchaí an domhain.

San Afraic atá cónaí ar chuid mhór d'óige an domhain. Deis órga don fhás geilleagrach a bheadh sa mhórghlúin leanaí agus óige san Afraic - dá bhfaighidís deiseanna oibre is dá roghnóidís níos lú leanaí a thabhairt ar an saol. Lucht saothair mór a bheadh ansin, is ní bheadh ach beagán daoine scothaosta agus leanaí le cothú acu. A leithéid sin go díreach a chabhraigh chun fás geilleagrach a thionscnamh in Oirthear na hÁise.

Todhchaí a thógáil do leanaí is don óige feasta, sin a chinntiú ná rachaidh siad a chodladh agus ocras orthu, go mbeidh na vacsaínithe is gá acu, go mbeidh siad ag dul ar scoil, go mbeidh siad saor ó éigean. Tá ocras ar 11 mhilliún faoi láthair i gCorn na hAfraice, agus is mná agus leanaí a bhformhór. Ní féidir glacadh leis sin. Dá bhrí sin, tá ról lárnach an an NA chun bia agus bunsoláthairtí eile a sheachadadh.

Fairis sin, ba cheart go mbeadh rochtain ag daoine óga ar fhaisnéis faoi ghnéas agus ar sheirbhísí sláinte, ba chóir go mbeadh sé de cheart acu go n-éistfí leo is go mbeadh tionchar acu ar chinntí bhaineann leo. Cruthú ab ea an "t-Earrach Arabach" le déanaí gur dual don óige bheith ina gcuid ghníomhach dá sochaí.

Ar an iliomad cúiseanna is tábhachtach infheistíocht a dhéanamh i mná óga ar fud an domhain, mar is minic gurb iadsan ná faigheann oideachas, a mbíonn obair throm fhisiciúil agus ísealstádais acu, agus a bhíonn ina n-aonar agus freagracht a leanaí a chothú orthu. Mná a tháirgeann 80% den bhia san Afraic.

Má dhéantar infheistíocht in oideachas is i sláinte na mban óg, sábhálfar beathaí agus neartófar an táirgiúlacht agus an fhorbairt gheilleagrach. San aon am, cuirfear le comhionannas idir fhir is mhná. Nuair a fhaigheann mná oideachas is a bhíonn siad i sláinte, seachnaíonn siad póstaí róoga, toirchis gan toil agus ionfhabhtuithe HIV.

I measc na mban óg 15-19 mbliain d'aois sna tíortha forbraíocha, toircheas agus leaba luí seoil is cúis bháis do chuid is mó. Is minic a éagann mná óga de dheasca ginmhillte ná raibh slán. Tá 215 milliún ban inniu nach mian leo bheith torrach ach ná húsáideann coiscíní. Tá fadhbanna mar sin inréitithe ar bheagán costais. Níl ag teastáil ach an toil.

Sa bhliain 2000, chinn 189 de chinn stáit an domhain iarracht spriocdhírthe a dhéanamh chun fáinne fídiúltach an daibhris a bhriseadh. As sin a tháinig Spriocanna Forbraíochta Mílaoise an NA.

Sainíodh ocht sprioc chun todhchaí dhíniteach inbhuanaithe a chinntiú do dhaonra an domhain. Thug an comhphobal domhanda an t-am dó féin go dtí 2015 chun na spriocanna a chomhlíonadh. Cad ina thaobh gur nithe ar leith iad Spriocanna Forbraíochta na Mílaoise?

Spriocanna Forbraíochta na Mílaoise, sin sraith spriocanna nithiúla, is teorainn ama leo, chun troid i gcoinne an daibhris, an ocras, na ngalar, na mbásanna ar leaba luí seoil, na neamhlítearthachta agus an idirdhealaithe in aghaidh na mban.

Thairis sin, tá na gealltanais daingnithe ag ballstáit uile an NA, ag córas uile an NA, ag an mBanc Domhanda agus ag Ciste Airgeadaíochta an Domhain. Comhpháirtíocht Thuaidh-Theas atá ann.

Is mór an dul chun cinn a deineadh cheana féin. Tá torthaí nithiúla. I measc nithe eile, laghdaíodh líon na mbásana i measc na leanaí faoi bhun 5 bliana. Gach lá anois faigheann 12,000 níos lú leanaí bás ná roimhe seo. Is mó líon na leanaí a fhaigheann bunoidheachas. Inniu tá 89 % na leanaí uile cláraithe i scoileanna. Tá uisce glan ag beagnach dhá billiún duine sa bhreis.

Ach níl an dul chun cinn roinnte go cothrom. Ní thairbhíonn na tíortha forbraíochta is dearóile agus is imeallaithe ó na torthaí agus níl aon bhaint acu leis an dul chun cinn a deineadh. Tá na milliúin duine ar fud an domhain fós ag maireachtáil sa daibhreas is dearóile, gan deis acu dul ar scoil, gan rochtain ar na seirbhísí sláinte is bunúsaí, gan uisce glan le hól agus gan sláintíocht. I measc na ndaoine is dearóile tá cailíní, mná agus grúpaí imeallaithe.

Ní chiallaíonn spriocanna na mílaoise go réiteoidh rialtais agus eagrais NA dúshlán an domhain. Linn uile a bhaineann spriocanna na mílaoise.

Is linn uile an domhan, ceanglaíonn sé lena chéile sinn agus leagann dualgas orainn an áit chónaithe is fearr do chách a chruthú. Nuair a dhiúltaímid go mairfeadh a lán fós sa daibhreas, cabhraímid chun cearta uilíocha an duine a áirithiú. Fairis sin, déanaimid ár gcion ar son na síochána is ar son na slándála ar fud an domhain.

Is iomaí slí chun bheith gníomhach is ár gcion a dhéanamh chun an domhan a fheabhsú. Is féidir linn bheith páirteach in obair thoidheonach, a thacóidh lenár gclmhhdhaoine sa phobal áitiúil. Fairis sin, is féidir linn go léir ár nósanna tomhaltais a athrú, ionas go dtéarainneoidimid astaíochtaí CO2, go n-úsáidfimid níos lú uisce, is go dtabharfaimid aire dár gcomhshaol i gcoitinne. Is féidir linn earraí a éileamh nach leanaí a tháirg iad, ach a táirgeadh faoi choinníollacha slána saothair.

Is féidir linn tabhairt ar ár dtreoirithe polaitiúla meas a léiriú ar na gealltanais a shínigh siad sa bhliain 2000, agus, rud nach lú a thábhacht, tosú ar spriocanna nua uaimhianacha a chumadh, a nglacfar leo tar éis 2015, a thabharfaidh aghaidh ar na dúshlán nua atá os comhair an domhain maidir le fuinneamh is le comhshaol, le sláinte agus le hoideachas. Is follasach gur ardán chun athraithe í gluaiseacht Esperanto.

Críochnóidh mé le béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht na n-óg. Is ionann iad agus breis is 40 % de dhaonra an domhain. Tá fuinneamh acu agus tá siad oscailte don nuatheicneolaíocht agus do mhodhanna nua gníomhaíochta. Is iomaí duine acu atá ceangailte lena chéile go fíorúil trí shuímh chaidrimh shóisialta, ar thírdhreacha nua polaitiúla agus cultúrtha iad cheana féin. Tá tábhacht leis an nglúin óg chun teicneolaíocht nua ghlais agus foirmeacha malartacha fuinnimh a fhorbairt. Ach ná dearmadaimis gurb iomaí leanbh is duine óg atá fós imeallaithe, dúshaothraithe nó ina n-íospartaigh tubaistí. Tá ár gcosaint agus ár gcabhair mar cheart acu. Sa domhan ina bhfuilimid, mar a bhfuil géarchéimeanna tromchúiseacha geilleagracha, is trua gur praghas ard go minic a bhíonn le híoc ag an óige.

Dúirt duine críonna tráth dá raibh gurb í an tslí is fearr chun an todhchaí a fheiceáil - í a chruthú sinn féin. Táim gur cinnte gurb iomaí deis a bheidh agaibh sna laethanta romhainn chun bhur n-aisling do dhomhan ina bhfuil 7 billiún duine a phlé.

***En la nomo de Unuiĝintaj Nacioj en Kopenhago mi deziras al vi fruktodonan kaj sukcesan kongreson!***

*(In ainm na Náisiún Aontaithe i gCóbanhávan, guím comhdháil rathúil, thorbhúil oraibh!)*

Go raibh maith agaibh as éisteacht liom.

- - -

Gaeilge : [Dr. Seán Ó RIAIN](#) - [An Coimisiún Eorpach](#)

<http://www.linguistic-rights.org/un/>